

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge  
TUAIRISC**

**Coláiste Chomáin  
Ros Dumhach, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo**

**Uimhir Rolla: 72140V**

**Dáta na cigireachta: 29 Samhain 2011**



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE**

---

**EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT**

<b>Dáta na cigireachta</b>	29 Samhain 2011
<b>Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith trí thréimhse ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí</li></ul>

**PRÍOMHCHINNTÍ**

- Bhí cleachtais mhaithe teagaisc agus foghlama in úsáid sna ranganna go léir.
- Bhain caighdeán an-mhaith leis na modhanna measúnaithe a bhí in úsáid: measúnú chun foghlama, piarmheasúnú agus féinmheastóireacht san áireamh.
- Tugtar soláthar agus tacaíocht an-sásúil do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge.
- Bhí obair an-mhaith déanta sna cáipéisí pleanála do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge, agus bhí athbhreithniú leanúnach á dhéanamh orthu.
- Tá plean gníomhaíochta ann chun forbairt a dhéanamh ar an teanga ag leibhéal an ábhair agus ag leibhéal na scoile uile.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- B'fhiú go mór plé a dhéanamh ar mhodeolaíochtaí teagaisc agus foghlama ag leibhéal na roinne chun cleachtais mhaithe a roinnt idir baill na foirne.
- Moltar pleanáil a dhéanamh chun na ceithre mhórscoil teanga agus gnéithe difriúla de na cúrsaí a mhúineadh i mbealach comhtháite téamach ag teacht le heochairphrionsabail na siollabas.

## RÉAMHRÁ

Is gairmscoil Ghaeltachta í seo atá ag feidhmiú faoi choimirce Choiste Gairmoideachais (CGO) Mhaigh Eo. Is í an Ghaeilge gnáth-theanga labhartha na scoile agus tá 44 scoláirí ag freastal ar an scoil ó chúlráí sotheangeolaíochta éagsúla. Is clár éigeantach é an Idirbhliain a tugadh isteach mar chuid de churaclam na scoile don chéad uair i mbliana.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhain teicnící maithe teagaisc agus foghlama leis na ranganna go léir i gcaitheamh na cigireachta.
- Bhí ord forásach ag baint le céimeanna na gceachtanna go léir agus rinneadh idir chláirú agus roinnt na spriocanna teagaisc agus foghlama ag tús gach ceachta agus ag pointí difriúla i gceacht amháin.
- Rinneadh naisc mhaithe le hiarfhoghlaim na scoláirí trí sheisiún tobsmaointe a dhéanamh leis na scoláirí inar tháinig siad mar ghrúpa ar mhórphointí foghlama an cheachta dheireanaigh a bhí déanta acu.
- Tugadh faoi sheisiún faisnéisithe ag deireadh ceacht amháin. Tá an cleachtas seo le moladh ach d'éireodh níos fearr lena mhacasamhail dá dtiocfadh na scoláirí ar a dtorthaí foghlama féin ag deireadh na gceachtanna.
- I measc na modheolaíochta ab éifeachtaí bhí cothromaíocht mhaith idir obair uile-ranga agus gníomhaíocht thascbhunaithe na scoláirí. Bhí éagsúlacht ag baint leis na ranganna go léir mar go raibh comhtháthú déanta ar na ceithre mhórscoil teanga.
- Baineadh úsáid mhaith as obair ghrúpa chun scileanna éisteachta agus scríbhneoireachta a chleachtadh. Rinneadh freastal maith ar riachtanais na ngrúpaí agus tugadh faoi sheisiúin maith aiseolais ó na grúpaí.
- I rang amháin rinneadh tascanna nuálaíochta a bhí ag braith ar cheapadóireacht, ar phiartheagasc, ar rólghlacadh, ar phiarmheasúnú ó bhéal agus ar fhéinmheasúnú scríofa na scoláirí le scafall ón múinteoir. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as na cur chuigí seo.
- B'í an Ghaeilge a bhí in úsáid do gach idirbheartaíocht ranga. Bhí cleachtais mhaithe in úsáid maidir le haird na scoláirí a dhírú ar phointí gramadaí agus teicnící cumasacha i leith cluas na bhfoghlaimoirí a oiliúint ar cheartfoghraíocht na teanga.
- Bhí aird na scoláirí á díriú ar fhoclóir níos leithne a shealbhú i gcaitheamh na gceachtanna go léir. Ní foláir an spriocfhoclóir seo a chur in oiriúint do raon na gcumas atá sna ranganna sinsearacha ach go háirithe. Ní mór dúshlán a bheith ann d'fhoghlaimoirí a bhfuil ardchumas Gaeilge acu. B'fhiú freisin straitéisí foghlama foclóra a mhúineadh go follasach chun na féidearthachtaí is mó ó thaobh foghlaim foclóra de a bhaint amach do gach scoláire.
- Bhí atmaisféar comh-mheasúil foghlama sna ceachtanna uile a breathnaíodh orthu i gcaitheamh na cigireachta. Bhí cumas riar ranga an-mhaith ag formhór na múinteoirí, rud a chuir go mór le leibhéal rannpháirtíochta na scoláirí san fhoghlaim. Tugadh dearbhú spreagúil i gcónaí do cháilíocht na n-iarrachtaí is na dtuairimí a thug na scoláirí.

- Bhí timpeallacht fhoghlama spreagúil cruthaithe sna seomraí ranga ina raibh an Ghaeilge á múineadh mar thaca do mhúineadh agus d'fhoghlaim na teanga. Moltar cur le seo agus fógraíocht dhílis agus póstaer a bheith ar taispeánt..
- Ba léir ón sampla randamach de na dialanna obair bhaile a bailíodh i ngach ceacht go raibh an obair bhaile á tabhairt go rialta. Moltar éagsúlacht sna scileanna teanga a bheith sna tascanna obair bhaile.
- Bailíodh sampla randamach de chóipleabhair na scoláirí agus bhí go leor oibre forásaigh déanta iontu. Bhí monatóireacht rialta á déanamh ar obair na scoláirí chomh maith le teicnící maithe le sonrú ar na ceartúcháin mheicniúla nach raibh iomarcach agus a thug léargas don fhoghlaimoir ar bhunús na mbotún chomh maith le samplaí tacúla.
- Bhí greille mheasúnaithe in úsáid i rang amháin ina raibh na scoláirí ag déanamh féinmheastóireachta ar a dtorthaí foghlama féin. Ba cheart úsáid níos forleithne a bhaint as na teicnící maithe measúnaithe seo agus plé a dhéanamh freisin mar roinn ar uirlisí aontaithe measúnú chun foghlama a bheith in úsáid ag gach baill gan mhoill.

### **SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE**

- Tá an soláthar agus an tacaíocht atá curtha ar fáil do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Ghaeilge an-sásúil. Tá sé le moladh go gcuirtear cúrsa lántumadh ar fáil sa chéad téarma den chéad bhliain. Is ar bhonn cumais mheasctha a eagraítear na rang-ghrúpaí go léir.
- Tá polasaí Gaeilge cuimsitheach forbartha ag an scoil chun an Ghaeilge a chur chun cinn ag leibhéal scoile uile agus i measc pobail uile na scoile.
- Bhain caighdeán an-mhaith leis na háiseanna agus na hacmhainní atá forbartha sa scoil agus a thugann tacaíocht do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge. Déantar athnuachan leanúnach ar na fearais tacúla seo, acmhainní leictreonacha san áireamh. Tá leabharlann sa scoil le leabhair cothrom le dáta inti.
- Is céimithe le Gaeilge iad na múinteoirí go léir atá ag múineadh na Gaeilge sa scoil. Moltar an t-eispéireas a bheith ag na múinteoirí go léir múineadh sa dá thimthriall agus ag na leibhéil scrúdaithe difriúla. Tá teoracha meantóireachta maithe sa phlean Gaeilge do mhúinteoirí nua-cheaptha nó d'ábhair oidí.
- Tá sé le moladh go nglacann foireann na Gaeilge páirt in oiliúint ghairmiúil leanúnach ag leibhéal éagsúla: go pearsanta, sna fóraim atá curtha ar fáil ag an gCGO, ag leibhéal na scoile uile agus ar chúrsaí seachtracha de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí don Ghaeilge.
- Tá cur chuige scoile uile maidir le litearthacht agus uimhearthacht mar chuid de Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh. Moltar tógáil ar seo le bliainghrúpaí sinseara na scoile.
- Tá sé inmholta go bhfuil na scileanna teanga go léir curtha san áireamh sna scrúduithe coimreacha do na bliainghrúpaí go léir. Bheadh sé tairbheach cumas labhartha na bhfoghlaimeoirí a shonrú sna tuairiscí a chuirtear ag baile bunaithe ar an measúnú seo.
- Tá traidisiún fada sa scoil a bheith páirteach i réimse fairsing imeachtaí comh-churaclaim agus seach-churaclaim. Eagraítear tograí a chuireann go dearfach le méid na Gaeilge a úsáidtear i dtimpeallacht na scoile chomh maith le naisc a chothú le scoileanna in

abhantrach na scoile agus in Albain. Tá an teanga le feiceáil in áiteanna ar fud na scoile ach tá scóip ann cur le seo.

#### **PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

- Bhain caighdeán an-mhaith leis an obair a bhí déanta maidir le pleananna curaclaim do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge.
- B'iad na tréithe ab fhearr a bhain leis an bpleanáil seo ná: spriocanna teagaisc agus foghlama idirdhealaithe, straitéisí agus doiciméid reatha do scoláirí le riachtanais oideachais speisialta, béim ar scileanna a réamh-mhúineadh, critéir mharcála do gach scil, agus béim ar an bpiarfhoghlaim.
- Moltar pleanáil a dhéanamh chun na ceithre mhórscoil teanga agus gnéithe difriúla de na cúrsaí a mhúineadh i mbealach comhtháite téamach.
- Tá comhordaitheoir ceaptha ar roinn na Gaeilge agus moltar rothlú a dhéanamh ar an bpost seo ag am aontaithe ag leibhéal na roinne féin.
- Tá sé inmholta go bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar an bplean Gaeilge agus pleanáil gníomhaíochta ar siúl chun forbairt a dhéanamh ar an teanga ag leibhéal an ábhair maraon le leibhéal na scoile uile.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinní agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.